Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2015
(OR. fr)

14188/15

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0901B (COD)

CODEC 1529
JUR 731
COUR 61
INST 408

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh **(an dara léamh)**<br>- Leasuithe Pharlaimint na hEorpa a fhormheas **(GR + R)** |

1. An 4 Aibreán 2011, chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar aghaidh chuig an gComhairle iarraidh chun Reacht na Cúirte[1] a leasú , ar iarraidh í a bhí bunaithe ar an gcéad mhír d'Airteagal 254 CFAE, ar an dara mír d'Airteagal 281 CFAE agus ar Airteagal 106a(1) CEFA,

2. Thug an Coimisiún uaidh a thuairim an 30 Meán Fómhair 2011[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 15 Aibreán 2014[3].

4. An 23 Meitheamh 2015, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh[4] agus chuir sí ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa é agus ráiteas ar a cúiseanna ag gabháil leis.

1 8787/11.
2 14769/11.
3 8509/14.
4 9375/15 REV 1.

5. I gcomhréir le forálacha an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le Socruithe Praiticiúla do Nós Imeachta na Comhchinnteoireachta[5], bhí plé neamhfhoirmiúil ann idir an Chomhairle, an Chúirt Bhreithiúnais, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an dara léamh.

6. Ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Pharlaimint , ar an dara léamh, dhá leasú ar sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh. Is léiriú iad na leasuithe sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na ceithre institiúid air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leo[6].

7. An 12 Samhain 2015, thug an Coimisiún uaidh a thuairim maidir leis na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis na leasuithe uile agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   - na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa atá in 13344/15, mar a leagtar amach in PE-CONS 62/15 iad agus tar éis a n-athbhreithnithe ag na saineolaithe dlí agus teanga, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Beilge agus na hÍsiltíre ag staonadh ó vótáil agus toscaireacht na Ríochta Aontaithe ag vótáil ina gcoinne;

   - a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 1 agus in aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;

   - a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in aguisín 1 a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

   Nuair a bheidh na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa formheasta ag an gComhairle, measfar go ndearnadh an Rialachán a ghlacadh i bhfoirm an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh arna leasú amhlaidh, i gcomhréir le hAirteagal 294(8a) CFAE.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.

---

[5] IO C 145 an 30/06/2007, lch 5.
[6] 13344/15.